EUROPEAN UNION AGENCY FOR ASYLUM

# FOIRM

# TEAGHLACH A LORG (LEANBH)

Tugadh an lámhscríbhinn chun críche in 2025
Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

PDF ISBN 978-92-9418-573-0 doi:10.2847/0689256 BZ-01-25-035-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2025
Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

| | |
|---|---|
| **Ainm na tíre AE+** | |
| **Seoladh an údaráis náisiúnta** | |
| **Faisnéis a bhaineann go sonrach le tír AE+ maidir le conas agus cá háit ar féidir an fhoirm seo a chur isteach** | *Is ionadchoinneálaí é seo do thíortha AE+ chun na módúlachtaí ábhartha a bhaineann le cur isteach na foirme seo a chur san áireamh.*<br>*Conas ba cheart an fhoirm seo a chur isteach? Chuig cén seoladh? Faoi cén dáta?* |

# FOIRM UM THEAGHLACH A LORG (LEANBH)

Tá an fhoirm seo ([1]) le líonadh isteach ag caomhnóir/ionadaí ([2]) an linbh. Ba cheart don chaomhnóir/ionadaí an fhoirm ar fad a léamh in éineacht leis an leanbh agus na sonraí go léir a mhíniú.

## CÉN FÁTH AR TUGADH AN FHOIRM SEO DOM?

Tá tú i dtír iasachta agus tá tú i d’aonar. Ba mhaith leis an mBallstát a fhiosrú an bhfuil baill teaghlaigh agat i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír chomhlachaithe (dá ngairtear tíortha AE+)

Is iad seo a leanas na Ballstáit den Aontas Eorpach: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn. Is iad seo a leanas na ceithre thír chomhlachaithe - an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

Is mian leis na húdaráis sa tír seo cabhrú leat chun do theaghlach a aimsiú agus a athaontaithe leis arís. Sin é an fáth go bhfuil siad ag tabhairt na foirme seo duit le líonadh isteach. Ní mór duit faisnéis faoi do theaghlach, amhail cé hiad féin, cá bhfuil cónaí orthu agus conas teagmháil a dhéanamh leo, a insint do na húdaráis sa tír seo.

Ní gá duit an fhoirm a líonadh amach leat féin. Cuideoidh cuiditheoir speisialta, ar a dtugtar caomhnóir, leat. Má theastaíonn tuilleadh cabhrach uait, is féidir leat ceist a chur ar dhaoine eile freisin, amhail cásoifigigh, baill foirne fáiltithe agus comhairleoirí dlí.

## CÉN FÁTH AR IARRADH ORM AN FHOIRM SEO A LÍONADH ISTEACH?

Ní mór do na húdaráis sa tír seo fios a bheith acu an bhfuil baill teaghlaigh agat in aon cheann de thíortha AE+. Má dhéanann tú amhlaidh, d’fhéadfadh an tír ina bhfuil cónaí orthu a bheith freagrach as d’iarratas a láimhseáil.

Is mian leis na húdaráis sa tír seo cabhrú leat chun athaontú le do bhaill teaghlaigh i dtíortha AE+ má théann sé chun tairbhe duit a bheith ina gcomhluadar. Más mian leat go n-athaontófar tú le do bhaill teaghlaigh, cuir é sin in iúl dúinn agus fiosróimid an féidir é sin a dhéanamh agus déanfaimid

([1]) PDF: BZ-01-25-035-GA-N agus Leagan Clóite: BZ-01-25-035-GA-C.
([2]) San fhoirm seo, i gcomhréir leis an gcreat reachtach a shonraítear in EUAA, *Treoir Phraiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg*, 2025, an Roinn ‘Téarmaíocht’, úsáidtear na téarmaí ‘ionadaí’ agus ‘caomhnóir’ go hidirmhalartach.

iarracht é sin a dhéanamh. Má cheapann tú nach maith an rud é go mbeadh tú athaontaithe, inis dúinn a luaithe is féidir.

### Cé leis ar féidir mé a athaontú?

Is féidir tú a athaontú le ball teaghlaigh, le siblín nó le gaol. Fiafrófar díot ar mhaith leat go n-athaontófaí thú.

Faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, is iad seo a leanas **do bhaill teaghlaigh**:
- do thuismitheoirí.

Is iad seo a leanas do **shiblíní**:
- do dheartháir
- do dheirfiúr.

Is iad seo a leanas do **ghaolta**:
- d’aintín
- d’uncail
- do sheanmháthair
- do sheanathair.

**Má tá ball teaghlaigh agat i dtír AE+, tá na cearta seo a leanas agat.**

- Tabharfar tús áite do do chás.
- Is féidir leat faisnéis a iarraidh ar dhaoine agus ar eintitis atá in ann cúnamh a thabhairt duit chun an fhoirm seo a líonadh isteach.
- Is féidir leat faisnéis a iarraidh ar eagraíochtaí náisiúnta, idirnáisiúnta agus ar eagraíochtaí ábhartha eile ar féidir leo sainaithint agus lorg do bhall teaghlaigh a éascú.
- Is féidir agallamh a eagrú chun a chinneadh cén tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar d’iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, mura bhfuil forais ann chun an t-agallamh a fhágáil as an áireamh.
- Is féidir leat aon fhaisnéis a chur isteach a d’fhéadfadh cabhrú chun a shuíomh go bhfuil baill teaghlaigh i láthair, ó bhéal nó trí dhoiciméid.
- Is féidir leat tuilleadh faisnéise a iarraidh faoi do chás.

## CÉN FHAISNÉIS IS GÁ DOM A ÁIREAMH SAN FHOIRM SEO?

Nuair a líonfaidh tú amach an fhoirm, iarrfar ort faoi do bhaill teaghlaigh, amhail do mháthair, athair, deartháireacha, deirfiúracha, aintíní, uncailí, seanmháithreacha agus seanaithreacha. Beidh ort a chur in iúl freisin do na húdaráis sa tír seo an áit a bhfuil cónaí orthu agus conas teagmháil a dhéanamh leo.

### Cén fáth a bhfuil an fhaisnéis seo tábhachtach?

Dá mhéad faisnéise a chuireann tú ar fáil, is amhlaidh is éasca do na húdaráis sa tír seo dul i dteagmháil leis na húdaráis sa tír ina bhfuil do bhall teaghlaigh, do chaidreamh a fhíorú agus tú a athaontú a luaithe is féidir.

D’fhéadfadh sé go dtabharfaí cuireadh duit freastal ar agallamh nó go gcuirfí ceisteanna leantacha ort chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaidreamh agus faoin áit a bhfuil an duine.

Ná bíodh imní ort mura bhfuil an fhaisnéis ar fad agat. Le do chaomhnóir, líon isteach an fhoirm a mhéid is féidir agus déanfaidh na húdaráis sa tír sin a ndícheall chun tús a chur leis an bpróiseas. Má tá aon doiciméad agat, cuirfidh do chaomhnóir iad isteach a luaithe is féidir.

## CONAS AN FHOIRM SEO A LÍONADH ISTEACH

Líonfaidh do chaomhnóir **Cuid 1** den fhoirm amach. Ar an tslí sin, bailítear do chuid **faisnéise pearsanta**. Níor cheart Cuid 1 a líonadh isteach ach aon uair amháin.

**Céim 1.** Líon isteach Cuid 1 den fhoirm. Ar an tslí sin, bailítear do chuid faisnéise pearsanta.

**Céim 2.** Líon isteach an chuid ábhartha nó na codanna ábhartha den fhoirm a bhaineann le do bhall teaghlaigh nó le do bhaill teaghlaigh le haghaidh gach ball teaghlaigh.

- So thuismitheoirí: do mháthair nó d'athair (Cuid 2).
  *Má tá do bheirt tuismitheoirí i gceann amháin nó níos mó de thíortha AE+, líon isteach an chuid seo den fhoirm do gach tuismitheoir.*
- Do shiblín: deartháir nó deirfiúr (Cuid 3).
  *Má tá roinnt siblíní agat i dtíortha AE+, líon isteach an chuid seo den fhoirm do gach siblín.*
- Do ghaol: uncail, aintín, seantuismitheoir (Cuid 4).
  *Má tá roinnt gaolta agat i dtíortha AE+, líon isteach an chuid seo den fhoirm do gach gaol.*
- Gaol teaghlaigh eile (Cuid 5).
  *Má tá gaolta teaghlaigh eile agat i dtíortha AE+, líon isteach an chuid seo den fhoirm le haghaidh gach gaol.*

**Céim 3.** Tarraing do chraobh ghinealaigh (Cuid 6) chun gach ball teaghlaigh a léiriú. D'fhéadfadh sé sin a bheith úsáideach d'iarrachtaí um theaghlach a lorg amach anseo nó i dteacht ar thuiscint ar na daoine eile a d'fhéadfadh a bheith ann a d'fhéadfaí athaontú a thionscnamh ina dteannta.

**Cuimhnigh.** I gcás gach ball teaghlaigh, líonfaidh do chaomhnóir an chuid ábhartha den fhoirm isteach (**Cuid 2 go dtí Cuid 5**). Bain úsáid as **Cuid 6** chun do chraobh ghinealaigh a tharraingt chun gach ball de do theaghlach a chur in iúl.

## CÉ ATÁ IN ANN CABHRÚ LIOM AN FHOIRM A LÍONADH ISTEACH?

Líonfaidh do chaomhnóir an fhoirm isteach leat. Cuirfidh sé nó sí an fhaisnéis uile is gá in iúl duit ar bhealach a thuigfidh tú ionas gur féidir leat do chearta a fheidhmiú. Is féidir leat cumarsáid a dhéanamh i gcónaí le do chaomhnóir faoi rud ar bith a theastaíonn uait. Is féidir leis na cásoifigigh nó leis an bhfoireann fáiltithe cabhrú leat freisin. Is féidir leat cabhair a iarraidh freisin ó chomhairleoirí dlí agus ó ateangairí. Mura dtuigeann tú rud éigin, cuir ceist ar na húdaráis sa tír seo.

*Faisnéis a bhaineann go sonrach le tír AE+ maidir le DAOINE agus EINTITIS a chuireann cúnamh ar fáil chun an teimpléad agus COMHAIRLEOIREACHT DHLÍTHIÚIL a chomhlánú.*

## CONAS IS FÉIDIR MÉ A ATHAONTÚ LE MO BHALL TEAGHLAIGH?

Tar éis duit an fhoirm a líonadh isteach, breathnóidh na húdaráis ar an bhfaisnéis agus déanfaidh siad iarracht do theaghlach a aimsiú. Féadfaidh siad tuilleadh ceisteanna a chur ort nó cuireadh a thabhairt duit freastal ar agallamh eile. Má aimsíonn siad do theaghlach, cabhróidh siad leat a bheith athaontaithe leis. Beidh siad ag iarraidh a chinntiú freisin go bhfuil sé sábháilte agus oiriúnach duit a bheith in éineacht le do theaghlach. Déanfaidh siad a ndícheall chun a chinntiú go bhfuil tú sábháilte. Mura bhfuil sé sábháilte duit, ní thionscnófar an t-athaontú.

Le linn an mheasúnaithe sin, cuirfear do thuairimí san áireamh ach déanfar cinntí maidir le hathaontú bunaithe ar an méid is fearr do do shábháilteacht agus do d'fholláine. Más mian leat go n-athaontófaí tú le do mháthair, athair, deirfiúr nó deartháir, aintín, uncail, seanmháthair nó seanathair, ní mór duit é sin a chur in iúl do na húdaráis. Ní mór duit a chur in iúl dóibh freisin má cheapann tú nach bhfuil sé go maith duit a bheith i gcomhluadar do bhall teaghlaigh.

**Cuimhnigh**. Is cás speisialta é do chás. Ciallaíonn sé sin más féidir athaontú teaghlaigh a thionscnamh i do chás féin, go ndéanfaidh na húdaráis é a phróiseáil a luaithe is féidir, ionas nach mbeidh ort fanacht rófhada.

## NÍL A FHIOS AGAM CÁ BHFUIL MO BHALL TEAGHLAIGH. AN FÉIDIR LEAT CABHRÚ LIOM?

Má tá a fhios agat go bhfuil do bhall teaghlaigh, do shiblín nó do ghaol i dtír AE+ ach nach bhfuil tú cinnte cá bhfuil siad, is féidir leat tacaíocht a iarraidh ar eagraíochtaí um theaghlach a lorg a chuideoidh leat chun do bhall teaghlaigh a aimsiú. Cuideoidh do chaomhnóir leat teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí sin. Inis do na húdaráis sa tír seo má tá tacaíocht den sórt sin de dhíth ort.

*Faisnéis a bhaineann go sonrach le tír AE+ maidir le heagraíochtaí um theaghlach a lorg.*

## CONAS A LÁIMHSEÁLFAR AN FHAISNÉIS A CHUIRIM AR FÁIL?

Is go rúnda a láimhseálfar an fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil. Ní roinnfear an fhaisnéis choíche le tír nach bhfuil liostaithe mar thír AE+ (féach leathanach 1 den fhoirm seo) ná leis an tír thionscnaimh ná leis an tír ina raibh cónaí ort féin nó ar do bhall teaghlaigh. Ní chuirfear an fhaisnéis isteach ar bhealach slán ach amháin chuig an tír AE+ ina bhfuil do bhall teaghlaigh i láthair ionas gur féidir le húdaráis na tíre sin a chinneadh an bhfuil do chaidreamh incháilithe d'athaontú teaghlaigh. Más gá, féadfaidh na húdaráis nó na heagraíochtaí dul i dteagmháil le do bhall teaghlaigh chun ceisteanna leantacha a chur.

## CUID 1. FAISNÉIS PHEARSANTA AN LINBH

| | |
|---|---|
| **Cásuimhir:** | |
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |
| **Sonraí teagmhála an chaomhnóra** | |
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Uimhir theileafóin | |
| Seoladh ríomhphoist | |
| ☐ **Deimhním go bhfuil ball teaghlaigh agam atá ag fanacht i dtír AE+.** | |
| Seo a leanas mo bhall teaghlaigh (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú) | ☐ mo thuismitheoir (máthair nó athair) (Cuid 1)<br>☐ mo shiblín (deartháir nó deirfiúr) (Cuid 2)<br>☐ m'aintín nó m'uncail (Cuid 3)<br>☐ mo sheantuismitheoir (seanmháthair nó seanathair) (Cuid 4)<br>☐ gaol teaghlaigh eile (Cuid 5) (sonraigh le do thoil): |
| Faisnéis ábhartha eile | |
| **Dáta agus síniú an chaomhnóra/an ionadaí** | |

## CUID 2. FAISNÉIS PHEARSANTA AN TUISMITHEORA

*Má tá beirt thuismitheoirí an linbh i dtír amháin nó níos mó de na tíortha AE+, cliceáil ar an gcnaipe 'Dúbláil an roinn' chun roinn nua a chruthú do gach duine aonair.*

| | |
|---|---|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| Gaol | ☐ máthair<br>☐ leasmháthair<br>☐ athair<br>☐ leasathair |
| An suíomh reatha nó an suíomh deireanach atá ar eolas in AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | ☐ iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta<br>☐ tairbhí cosanta idirnáisiúnta<br>☐ cónaí fadtéarmach<br>☐ cónaitheoir<br>☐ saoránach<br>☐ ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |

**Toilteanas chun a bheith athaontaithe**

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?
☐ Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.
☐ Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.
Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseáilfear an fhaisnéis sin faoi rún.

*Tabhair do d'aire go mb'fhéidir nach mbeidh tú in ann an áit a mbeidh tú i do chónaí a roghnú, toisc go mbeidh cinntí maidir le hathaontú bunaithe ar mheasúnú ar an rud is fearr duit féin, do do shábháilteacht agus do d'fholláine.*

**Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach?**

| **An bhfuil aon duine eile ann a d’fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo?** |
|---|
| |
| **An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg?** ***Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).*** |
| |
| **Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh.** Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach. |
| |
| **Faisnéis ábhartha eile** |
| |

Dúbláil an roinn

## CUID 3. FAISNÉIS PHEARSANTA AN TSIBLÍN

*Má tá níos mó ná siblín amháin ag an leanbh i dtíortha AE+, cliceáil ar an gcnaipe 'Dúbláil an roinn' chun roinn nua a chruthú do gach duine aonair.*

| | |
|---|---|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| Gaol | ☐ deirfiúr<br>☐ leathdheirfiúr ar thaobh na máthar<br>☐ leathdheirfiúr ar thaobh an athar<br>☐ leasdeirfiúr ar thaobh na máthar<br>☐ leasdeirfiúr ar thaobh an athar<br>☐ deartháir<br>☐ leathdheartháir ar thaobh na máthar<br>☐ leathdheartháir ar thaobh an athar<br>☐ leasdeartháir ar thaobh na máthar<br>☐ leasdeartháir ar thaobh an athar |
| An suíomh reatha nó an suíomh deireanach atá ar eolas in AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | ☐ iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta<br>☐ tairbhí cosanta idirnáisiúnta<br>☐ cónaí fadtéarmach<br>☐ cónaitheoir<br>☐ saoránach<br>☐ ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |

**Toilteanas chun a bheith athaontaithe**

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?
☐ Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.
☐ Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.
Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseáilfear an fhaisnéis sin faoi rún.

| **Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach?** |
| --- |
| |
| **An bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo?** |
| |
| **An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg? *Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).*** |
| |
| **Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh.**<br>Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach. |
| |
| **Faisnéis ábhartha eile** |
| |

**Dúbláil an roinn**

## CUID 4. FAISNÉIS PHEARSANTA AN GHAOIL

*Má tá níos mó ná gaol amháin ag an leanbh i dtíortha AE+, cliceáil ar an gcnaipe 'Dúbláil an roinn' chun roinn nua a chruthú do gach duine aonair.*

| | |
|---|---|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| Gaol | ☐ aintín ar thaobh na máthar<br>☐ uncail ar thaobh na máthar<br>☐ seanmháthair ar thaobh na máthar<br>☐ seanathair ar thaobh na máthar<br>☐ aintín ar thaobh an athar<br>☐ uncail ar thaobh an athar<br>☐ seanmháthair ar thaobh an athar<br>☐ seanathair ar thaobh an athar |
| Suíomh reatha i dtíortha AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | ☐ iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta<br>☐ tairbhí cosanta idirnáisiúnta<br>☐ cónaí fadtéarmach<br>☐ cónaitheoir<br>☐ saoránach<br>☐ ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |

**Toilteanas chun a bheith athaontaithe**

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?
☐ Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.
☐ Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.
Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseálfar an fhaisnéis sin faoi rún.

**Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach?**

| |
|---|
| **An bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo?** |
| |
| **An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg?** ***Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).*** |
| |
| **Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh.** Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach. |
| |
| **Faisnéis ábhartha eile** |
| |

Dúbláil an roinn

## CUID 5. FAISNÉIS PHEARSANTA AN DUINE GHAOLMHAIR EILE

*Má tá gaolta eile ag an leanbh i dtíortha AE+, cliceáil ar an gcnaipe 'Dúbláil an roinn' chun roinn nua a chruthú do gach duine aonair.*

| | |
|---|---|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe | |
| Áit bhreithe | |
| Cineál caidrimh / nasc teaghlaigh | |
| Suíomh reatha i dtíortha AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | ☐ iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta<br>☐ tairbhí cosanta idirnáisiúnta<br>☐ cónaí fadtéarmach<br>☐ cónaitheoir<br>☐ saoránach<br>☐ ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |

**Toilteanas chun a bheith athaontaithe**

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?

☐ Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.

☐ Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseáilfear an fhaisnéis sin faoi rún.

**Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach?**


**An bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo?**

| **An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg?** ***Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).*** |
|---|
| |
| **Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh.**<br>Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach. |
| |
| **Faisnéis ábhartha eile** |
| |

Dúbláil an roinn

## CUID 6. CRAOBH GHINEALAIGH

Is féidir leat do chraobh ghinealaigh a tharraingt sa bhosca thíos. Déan cinnte de go gcuireann tú in iúl do bhaill teaghlaigh, do shiblíní agus do ghaolta. Más féidir, cuir in iúl cén tír ina bhfuil do bhall teaghlaigh ag fanacht faoi láthair. Taispeántar sampla de do chraobh ghinealaigh san fhíor thíos.




***Cuir isteach faisnéis a bhaineann le haon bhall teaghlaigh breise sa roinn seo***